

MÁIRE NIC GIOLLA PÁDRAIC

An bhean a thug an long go Meireacá.

Ins an am ar thosuigh na daoine ag dhul go Meireacá as Gaillimh bhí trí long dhá crann a rith paisinéaraí. Sé an t-ainm a bhí ar na trí caiptín seo a bhí ar na trí shoitheach seo Caiptín York ar fhear acab, Caiptín Wallace ar fhear acab, agus Caiptín Mhac Dhonnchadha ar an tríomhadh fear. Is iomdha lá a n-éirigheadh leis na trí shoitheach a bheith sa dug in éindigh mar ins an amsir b'éidir ó d'íocfá do phaisinéarach go mbeadh sé trí mhí shul má sheolfá. Ort féin a bhí do chuid beatha a thabhairt leat in do bhosga féin, do glas agus d'eochair air. Bhí Domhnach breagh ann agus na trí chaiptín ar a gcomhairle féin. Dubhradar le na chéile go mbeadh lá pléisiúir acab. Thóigeadar báidín trí seoil as cladach Teampull Mhuire agus óinéara an bháid in éindigh leothab agus chuadar go Cill Rónáin. Shiubhladar leothab siar ar fud an oileáin nó gur cheapadar go raibh sé in am acab a bheith ag tabhairt a n-aghaidh ar Ghaillimh. Tháinigedar ag an gcéibh agus bhí an na bádóirí feistigthe rómpab bhí fuaradh deas gaoithe aniar ann agus bhí cúrsa beag tógtha ag na bádóirí. Chuadar chun seoil. Nuair a bhíodar tríomhadh cuid cuain thosuigh sé a neartú. "Tiubhraidh mé punt duit," adeir Caiptín York leis an mbádóir "má iompuigheann tú an méad seol uirthé agus fhéadas do chumhachta"

mar chonnaic sé go raibh an t-iasgaire a spárait a bháid. Ghabhfainn-se ghá ghabhail," adeir an caiptín. "nach le cleachtadh an tsoithigh tá mo lámh ro-gharbh." "Á ná bac leis sin" adeir Wallace leis an iasgaire, "níl fhios aige céard tá sé a rádh. D'éirigh York ina sheasamh agus rug sé ar bhrollach ar Wallace. "Marach nach fiú liom é chaithfinn thar bord amach thú."

"An bhfeiceann tú an léasán sin thiar dtuaidh? adeir Caiptín York.

"Feicim" adeir Wallace.

"Cé an mheabhair a bhainfeá as sin?"

"Ní fhéadfainn tada a dhéanamh dó," adeir Wallace.

"Is mór an peacadh saoghalta" adeir York," atá déanta ag an bhfear a thug comhairle soithigh dhuit." Chuaidh York ag gabhail an bháid mar shanntuigh an t-iasgaire an punt. Nuair a bhíodar ag gabhail isteach béal an gheata bhí na sleanntracha ag dhul anuas an dug do na stóraibh. "Anois," adeir York, "a raibh tú indon meabhair a bhaint as an léasán?" "Caithfimid tharain anois é sin" adeir Caiptín Mhac Dhonnchadh, "béidh lá maith againn Dia Domhnaigh seo chugat. "

Thug Caiptín Mac Donnchadha cuireadh chun dinnéir dóibh go Crocareasar go Muigh Cuilinn. Badh shin é an áit a raibh a athair ina chomhnaidhe, Liam Ruadh. Chuadar ann. Bhí an dá shagart Muigh Cuilinn ann agus an dochtúir ar an dinnéar. Nuair a bhíodar subhach sathach agus theastuigh fuaradh uathab chuadar amach ar an tsráid. "Well," adeir an

dochtúir, “sé tigh Chaiptín Mhic Dhonnchadha an teach is fearr ar sheas mé ariamh ann.” “Is beag teach a sheas tú ann” adeir an sagart, “tharéis mise a bheith ann indiu,” adeir sé, “sé an teach is tuataighe é ar sheas mé ariamh ann.”

“An dtiubhraidh tú ughdar dom leis an bhfocal? adeir an dochtúir.

“Is mé an fear ceannann céadna atá indon.”

“Bíodh muid ag éisteacht leis,” adeir an dochtúir. “cén t-ughdar,” adeir an sagart, “nach dtug sé a athair i gcomhlúadar thairis é fhágáil cois na teineadh, i gcomhlúadar leis an gcat? Céard tá le rádh anois agat?” adeir sé leis an dochtúir. “Níl tada,” adeir sé, ach éirighimid as. “An méad a chaith mise ann,” adeir an sagart, “ní rinne sé aon mhaith dom, nuair a léigh mé m’inntinn agus smaoinigh mé ar an gcaoi ar thóg an t-athair an mac sin, anois,” adeir an sagart, “tá deire mo chuid seanchusa déanta agus ní dhéanfaidh mé níos mó ina thimpeall.” Sin é lá spórt Árann agus cúairt Caiptín Ruaidh.

Bhí moill ar an dá Chaiptín eile ach sheoil Caiptín Wallace tráthnóna Oidhche nodlag lé dhá chéad agus naonbhar paisinéaraí. An oidhche chéadna d’éirigh an gála, leis na réalta agus phlúch na spéartha – tháinig sgamaill ar na réalta. Bhí cnuic fhairrge ag tigheacht uirthe go sílfeá nach seasfadh sí uair a chluig. Chaith sí mar sin in imtheacht trí oidhche agus trí lá. Dubhradar le chéile annsin, an chriú, go ngearrfaidís na crainnte dhi agus go dtiubhraidís cead dhí imtheacht leis an ngaoth. Bhí bean as béal Átha Na Sluaigh ar bord aice. Sé an t-ainm a bhí uirthe Máire Nic Ghiolla Phádraic. Bhí sí ina bean an-bhreagh. Bhí sí féin agus an dara máta mór le chéile agus sé a d’innis di go raibh na crainnte le gearradh den tsoitheach ag a sé a chlog tráthnóna. Thug sé ceithre fear fichead ar deic léithe. “Anois,” adeir sí, más fada gcearr a bhéas an soitheach ag imtheacht le gaoithe tá neart acab ach níl againn-ne ach bheith ag ithe a céile ó dhuine go duine nuair a bhéas ar gcuid beatha caithte.” Chuaidh sí anonn go dtí an caiptín agus labhair sí leis. “Tá dhá chéad agus naonbhar ar bhord agat. Nach olc an claidhre thú agus nach beag an muinnghin atá as Dia agat agus béidir,” adeir sí, “faoi’n am seo i mbárach go bhféadfá t’aghaidh a thabhairt in aon cheárd faoi’n domhan. Má tá mo chuid fear tugtha agus a spíonadh caithte tá ceithre feara fichead agam-sa a oibreachas an soitheach. Leagaidh uaib na tuaghanna, ó thalta é a dhul chomh fada sin,” adeir sí, bíodh muinéal lag in íochtar.” Leagadar uathab na tuaghanna, líonadar a bpéire bád fhada le biadh. D’fhágadar annsin an soitheach agus an méad a bhí ar bord aice. D’imthigh leothab. Ní rabhadar ceithre céad slat on soitheach nuair a tháinig fairrige a d’iompuigh a gcuid bád druim ar ais. Báthadh iad. Bhí bean eile ar bord ar an oileán Máisinn agus bhí paisinéara ar bord a raibh Mac Uí Mhugáin air agus badh é a rinne an t-amhrán

Slán agus beannacht leat a oileáin Phádraic
is ann a d’fás mé agus mo shinnsear rómham
sé lobha na bprátas a chuir thar sáile mé
Le Rí na nGrásta ár dtabhairt slán anonn
tráthnóna oidhche nodlag seadh déirigh an gála
dá chéad agus naonbhar a bhí againn ar bord
ní ar bheatha a bhí áird againn ná ar shaoibhneas saoghalta

ach an t-óg is an críonna ag gol is ag caoineadh agus ag sgreadadh bas ach bhí bean
bheannuighthe againn as lár na tíre
Agus thug sí dtír muid go Meireacá
d'imthigh an criú le cuim na hoidhche uainn
agus dfhága siad an t-ál údar ar an meirbhthin mhóir
Tháinig Maire Nic Ghiolla Phádraic go dtí muid ar neart a ghála
rinne sí meanga gáire agus chuaidh sí síos
téidhidh ar bhur nglúinaibh agus abraidhidh an paidrín
tá an stoirm láidir agus an oidhche tar cionn.
(Chuaidh. Níor innis sí tada dób ina taobh féin.)
Tá bean óg ar bord a bhfuil navigation aice
tá dhá fhear déag aice le cur i gcrann.
Tá an Bairéadach óg leis an soitheach a stiúradh
de réir a chompáis agus a mapa díreach.
Tiubhradh sé i dtír sibh ag San Paul.

(Aindriú Ó Mungáin a rinne an t-amhrán).

Badh í Máire Ní Mháille as an Oileán Maisiún a d'innis do Mháire Nic Ghiolla Phádraic cén
chaoi an soitheach a stiúradh. Is ag an mbeirt a bhí comhairle an tsoithigh go ndeachaidh sí
go dtí The Isle of St. Paul. Badh í Máire Ní Mháille i d'innis sí go raibh lucht fairrge ar bord a
d'oibreachadh bád i gcéard ar bith dá mbeadh duine acab a léigfeadh an mapa is an compás
dóib. Ba as Leitir Mealláin an chuid is mó dá raibh ar bord. Léigh Máire Nic Ghiolla Phádraic
féin an compás agus an mapa. thóg sí cúrsa. Badh é an Bairéadach a stiúraigh an soitheach.
Ba as Leitir Mealláin é. Lucht fairrge a bhí ina mhuintir. Ní raibh a leitheidí cruithuighthe. Bhí
athair Mháire Ní Mháille ina chaptín ar shoitheach smuigiléara, Caiptín Ó Máille. Ba as an
taobh ó thuaidh d'Éirinn é. Chuir sé faoi ar an Oileán Másiún. Inghean duine uasail a bhí i
Máire Nic Ghiolla Phádraic agus duine uasail ceannusach.

20/5/30.